

## Ceacht Tógála le Ranganna Naíonán go dtí 2 'Foirgnimh, Tithe agus Teaghlaigh'

Gemma Mc Girr

<b>Snáth Curaclaim:</b>	Tógáil (Curaclam Amharcealaíona lgh. 22, 38)
<b>Cuspóir:</b>	<i>Fiosraigh agus déan trialacha le hairíonna agus saintréithe na n-ábhar agus struchtúir á ndéanamh (lgh. 22, 38)</i>
<b>Nasc:</b>	<p><b>Péint agus Dath</b> &gt; Úsáid dath chun mothúcháin, eispeiris agus nithe samhlaíthe orthu a chur in iúl go soiléir (lch. 19)  <i>Déan dath a fhionnachtan le réimse ábhar agus meán (lch. 32)</i></p> <p><b>Líníocht</b> &gt; Déan líne agus cruth a fhionnachtan agus a líniú mar a fheictear iad in ábhair nádúrtha agus saorga agus faigh amach conas a dhéanann línte cruthanna (lch. 18)  <i>Déan líníochtaí bunaithe ar an saol samhlaíoch pearsanta agus le tuiscint níos mó ar ghaolmhaireachtaí spásúla (lch. 30)</i></p>

### Féidearthachtaí Imeasctha:

*Eolaíocht: Déan réimse ábhar gnáthacha sa timpeallacht láithreach a bhreathnú agus a fhiosrú (lch. 27)  
 Tosaigh ag fiosrú conas is féidir ábhair éagsúla a úsáid chun tithe atá oiriúnach dá dtimpeallacht a thógáil (lch. 46)*

*Teanga labhartha: Dirigh ar shonra tuairisciúil agus bí níos soiléire maidir le daoine, áiteanna, amanna, próisis, imeachtaí, dath, cruth, méid, ionad (lch. 20)*

*Bain triail as foclóir agus struchtúr abairte níos casta a úsáid chun brí a leathnú agus a fhiosrú (lch. 27)*

*Tíreolaíocht: Faigh feasacht áirithe faoi na cineálacha difriúla tithe atá sa chomharsanacht (lch. 24)*

*Forbair an fheasacht agus an léirthuisicint faoi na cineálacha difriúla tithe atá sa chomharsanacht agus i gceantair eile (lch. 24)*

*Matamaitic: Sortáil cruthanna 3T, rialta agus neamhrialta (lch. 28), sortáil agus ainmnigh cruthanna 3T: ciúb, ciúbóideach, sféar agus sorcóir (lch. 28), sortáil agus ainmnigh cruthanna 2T: cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog (lch. 29)*

*Déan sortáil, tuairisc, comparáid agus ainmniú ar chruthanna 2T: cearnóg, dronuilleog, triantán, ciorcal, leathchiorcal, ubhchruthach (lch. 49), déan tuairisc, comparáid ar chruthanna 2T agus ainmnigh iad, lena n-áirítear ciúb, ciúbóideach, sorcóir, sféar agus cón (lch. 50), fiosraigh an ghaolmhaireacht idir cruthanna 2T agus 3T (lch. 50)*

### An Ghníomhaíocht seo a Fhorbairt sa Rang:

Sula dtosaím rang ealaíne sílim gur mór an chabhair í cleachtadh beag a dhéanamh leis na leanaí chun a gcuid samhlaíochta a scaoileadh saor agus chun timpeallacht shábháilte a chruthú sa seomra ranga dóibh ar mhaithe lena saothar a thaispeáint agus a phlé gan eagla ná náire. Is í samhlaíocht an duine a thóg as na pluaiseanna agus chun na gealaí sinn! Is féidir le rud ar bith tarlú inár samhlaíocht má ligimid dó! “Dún do shúile agus samhlaigh doras mór. Tig le dath ar bith is mian leat a bheith air. Scríofa i litreacha móra ar an doras tá an focal SAMHLAÍOCHT. Síin amach do lámh agus oscail an doras go mall, scaoil amach do shamhlaíocht! Oscail do shúile agus lig dom an loinnir a fheiceáil iontu! Is féidir linn ár rogha rud a dhéanamh anois, tá ár samhlaíocht ag obair agus is duine ar leith gach duine dínn!”

**Ábhair Riachtanacha:** Bréagáin tógála, m.sh. Lego, bloic adhmaid, mobilo, brící ‘stickle’...  
 Boscaí de mhéideanna agus de chruthanna éagsúla  
 PVA  
 Téip chumdaigh/seilitéip  
 Péinteanna póstaer  
 Scuabanna

**Spreagadh:** Foirgnimh  
 Is mór an t-iontas na foirgnimh  
 Méid éagsúil i ngach ceann

Oifigí fada arda  
Chomh hard leis an spéir féin.  
Tithe atá cosúil le bosca,  
déanta de ghliú agus de bhloic tógála

Gach uair a fhéachann tú feiceann tú  
Foirgnimh de chruthanna éagsúla

*Mura Cohn Livingston*

“Cad iad na foirgnimh a fheiceann tú ar an mbealach chun na scoile? Cén chineál foirgnimh a gcónaíonn tú ann? Cén chruth atá air? An féidir leat cruthanna eile a fheiceáil san fhoirgneamh? Déan cur síos ar na cruthanna seo, an féidir leat iad a ainmniú? An foirgnimh scartha iad nó an bhfuil siad ceangailte le chéile? Cén airde atá iontu? Cén dathanna atá orthu? Cén difríocht atá idir oifigí agus tithe cónaithe?

**Gníomhaíocht:** (1) *Úsáideann na leanaí na bréagáin tógála chun cineálacha difriúla foirgneamh a thógáil. Spreag iad chun tuairisc a thabhairt faoina bhfuil á dhéanamh acu, an cineál foirgnimh atá á thógáil acu agus cén úsáid a d’fhéadfaí a bhaint as.*

(2) *Féadfaidh na leanaí na boscaí éagsúla a ghrúpáil chun foirgnimh éagsúla a thógáil. Is féidir iad seo a ghreamú le chéile le PVA, le téip chumhdaigh nó le seiliteip agus iad a phéinteáil más mian leis na leanaí (agus má tá siad in ann).*

**Measúnú/Ag Amharc agus ag Freagairt:**

Beidh sé seo ag tarlú agus na leanaí ag obair. Spreag iad chun caint faoina ndéantús, faoi aon deacrachtaí a bhí acu agus conas ar sháraigh siad iad. Taispeáin pictiúir d’fhoirgnimh sa chomharsanacht dóibh, m.sh. caisleáin, bloic oifige, ardáin. Taispeáin pictiúir dóibh d’áitribh de chineálacha eile, m.sh. botháin láibe, pubaill Bedouin, pubaill shaoire, srl.

**Gníomhaíochtaí Breise:**

Féadfaidh na leanaí líníochtaí a dhéanamh de chineálacha éagsúla foirgneamh, radharc sráide a tharraingt, teach samhlaíoch don todhchaí a tharraingt.

**Féidearthachtaí TCF:** Tóg grianghraif de shaothar na leanaí agus scanáil isteach sa ríomhaire iad. Beidh taifead ag na leanaí (agus agat féin) anois dá ndéantúis iontacha.

**Ag baint úsáide as an DVD**

**Is Ealaíontóir mé:** Tugann na cláir *Tógáil* ar an DVD deiseanna chun leanaí a fheiceáil ag déanamh tógálacha le bréagáin éagsúla tógála.

**Nóta:**

Lig do na leanaí a gcuid déantús féin a dhearadh agus a dhéanamh. D’fhéadfaí a mheas gur smaoineamh maith é rud a chum duine fásta a thabhairt dóibh le tógáil ach ní dhéanann sé sin ach a gcuid samhlaíochta a bhac agus frustrachas a chur orthu. Is dócha chomh maith go mbeadh sé ródheacair agus go mbeadh ort féin an obair a dhéanamh. Tá leanaí chomh seiftiúil iad féin nach gá ach an spreagadh agus na hábhair a thabhairt dóibh agus ligint dóibh tabhairt faoi!

**Ealaíontóirí Ábhartha:** Antoni Gaudi  
Ealaíontóirí agus ailtirí a bheadh ábhartha dar leat féin

**Suíomhanna Idirlín Ábhartha:**

Taispeánann an suíomh seo íomhánna d'aitireacht Gaudi i mBarcelona  
<http://www.red2000.com/spain/barcelon/gaudi.html>

Tá íomhánna d'fhoirgnimh neamhghnácha san India ar an suíomh seo:  
<http://www.cbmphoto.co.uk/India/buildint.html>

Is tairseach é Scoilnet chuig suíomhanna atá úsáideach sa seomra ranga  
<http://www.scoilnet.ie>